# Glór

Meitheal Pleanála
Teanga an Iarthuaiscirt
An Crannóg
Srath na Corcra
Doirí Beaga
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall
074 9560620 / 087 2491101

Bealtaine 2023

*Buanú agus neartú na Gaeilge san Iarthuaiscirt*

# Siúlóid dheas i bPáirc Náisiúnta Gleann Bheatha!

Bhí siúlóid dheas againn ar na mallaibh le teaghlaigh an cheantair mar pháirt don clár cuideachta le Tuismitheoirí na Gaeltachta. Ghlac 14 teaghlach páirt sa tsiúlóid seo agus is cinnte go raibh lá ar dóigh acu uilig.





## Comórtas Peile na Gaeltachta 2023

Comhghairdeas le CLG Naomh Mhuire a d'eagraigh Comórtas Peile na Gaeltachta den scoth sna Méilte i mbliana. Chuir siad cuid mhór oibre isteach don chomórtas agus fuair siad an luach saothair a bhí tuillte acu sa deireadh.

# Lá Spóirt na Clubanna Óige

Bhí la spóirt ar dóigh againn i Machaire Gathlán don thrí chlub óige sa cheantar: Club Óige Ionad Dobhair, Club Óige Áislann Rann na Feirste agus Club Óige Cnoc Fola. Bhí comórtais difriúla ar siúl idir rásaíocht agus cluichí peile agus is cinnte go raibh am den scoth ag na páistí uilig!





## Siúlóid 5k do Caroline Nic Fhionnghaile

Tháinig scaifte mór amach le 5k a dhéanamh do Caroline Nic Fhionnghaile atá tinn faoi láthair Comhghairdeas le achan duine a chuidigh leis an ócáid a eagrú go háirithe Leigh McGeever, Rosaleen Nic Gairbheith agus Club Lúthchleasaíochta na Rosann.

# Dráma grinn 'Iomrallach' san Amharclann.

Bhí dráma grinn den chéad scoth darbh ainm 'Iomrallach' ar siúl in Amharclann Ghaoth Dobhair ar na mallaibh. Bhí scaiftí móra i láthair don dá oíche a bhí sé ar siúl agus is cinnte gur bhain siad uilig sult as. Comhghairdeas leis an fhoireann uilig!





## Beatha na Bealtaine

Ghlac grúpa an gairdìn pobail páirt i lá folláine -'Beatha na Bealtaine'. Bhí lá galánta cóireálach acu - fuair siad a n-inge déanta, a n-aghaidheanna agus a lámha. Cuireadh lón deas ar fáil agus bhí na cainteoirí ar fheabhas. Buíochas tuillte ag Annmarie, Máire os an DLDC a thug cuireadh dóibh.

# Cur aithne ar Declan



## Declan Ó Fearraigh as Loch an Iúir a bhain an rása eachtraíochta an Atlantach Fiáin (WAAR) sna Méilte le linn mí Bealtaine.

**Ainm:** Declan Ó Fearraigh

**Post:** Meicneoir

**Caithimh Aimseartha:** Ag rith agus ag rothaíocht

**Bia:** Burgar Sicín

**Deoch:** Lucozade

**Ceol:** Lewis Capaldi

**Scannán:** Rocky / Creed

**Clár Teilifíse:** Night Agent

**Leabhar:** Ranger 22 (Ray Goggins)

**Ainmhí:** Madadh

**Lúthchleasaí:** Gustav Iden, Lionel Sanders, Brownlee Brothers

**Aisteoir:** Kevin Hart

**Spórt:** Dornálaíocht, WRC, Tour de France ...

**Teanga Eachtrach:** Fraincis

**Gréasán Sóisialta:** Instagram

**Staisiún Ráidió:** iRadio

**Gné is fearr leat faoin luthchleasiocht:** An traenáil cruaidh

**Rás is deacra a ghlac tú páirt ann:** Fermanagh Adventure Race

**An chéad sprioc eile a ba mhaith leat a bhaint amach sa lúthchleasaíocht:** 5k a rith faoi 15 bomaite

**iPhone nó Android:** iPhone

**Xbox nó Playstation:** PlayStation

**Netflix nó Hulu:** Netflix

**Oíche amuigh:** Caisleáin Óir

**Cuireadh chuig cóisir:** Adam Sandler

**Laethanta saoire:** Salou

**Seanfhocal:** Is fearr an tsláinte ná na táinte

**Mana saoil:** "Tá an saol cosúil le bosca seaclaidí, níl a fhios agat cad é atá tú fá choinne fáil!"

**Cén áit a ba mhaith leat a bheith i gceann 10 mbliana:** Sásta, sláintiúil agus go fóill ag rásaíocht 😛✌️







